Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2026
(OR. en)

**7661/26**

**UEM 112**
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Christine LAGARDE, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2026 |
| chuig: | Thomas WESTPHAL, Ard-Stiúrthóir, Comhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH an 18 Márta 2026 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) (BCE/2026/8) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach, BCE/2026/8.

AN BANC CEANNAIS EORPACH

AN tEUROCHÓRAS

GA

**MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 18 Márta 2026**

**chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire)**

**(BCE/2026/8)**

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha ar Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire), Ernst and Young Audit OOD, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2026. Ón 1 Eanáir 2026 tá Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) faoi réir Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Dá bhrí sin, is gá go molfaidh Comhairle Rialaithe BCE na hiniúchóirí seachtracha reatha do na blianta airgeadais 2026 agus go bhformheasfaidh an Chomhairle iad,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar gur cheart do Ernst and Young Audit OOD an t-iniúchadh seachtrach a dhéanamh ar Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) don bhliain airgeadais 2026.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 18 Márta 2026.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE